

Summer Reading 2018, #1

Excerpt from *Súil le Breith*

For the summer we planned on translating some literature, mostly short stories. I'm cheating a little on the first assignment, which is an excerpt from the 1983 novel, *Súil le Breith*. It was the first novel by Pádraig Standún, and it caused rather a stir when it was released, as I'll explain in a moment.

This was, I think, the first full novel we read in Nancy Stenson's conversation group, and it took us a year or two! But one of the things I really liked about this novel was that it was filled with more or less self-contained stories of life in rural Ireland. So I don't feel too badly about excerpting one of those stories for this assignment.

The story centers on a young priest, Tom Connor, who is assigned to a community on the west coast of Ireland, as well as to the village on an island just off that coast. The practice in such places was for the priest to say Mass on the mainland, and then islanders would row to the mainland in a currach to pick him up and bring him out to the island to serve the village. This story is about the priest's first voyage, if I remember, out to the island.

In the novel, Father Connor falls in love with his housekeeper and gets her pregnant! *Súil le Breith* could mean "expecting", in the pregnant sense, or it could mean "awaiting judgment." Standún himself translated it into English as "Lovers." Anyway, it was about this time, or not long after, that I believe some bishop was found to have fathered a child, and other sexual misconduct among the clergy began to get some attention in the media.

Standún has written many novels since, most of them are a fairly easy style to read, they move right along and don't use overly flowery language. And most of them have a fair amount of sex or raunchy bits in them. This is interesting because Standún himself is a priest. He spent time in Carraroe and in the Aran Islands, giving him the background for *Súil le Breith*.

He was born in County Mayo in 1946. Other novels include *A.D.2016* (again, lots of good stand alone stories in that one), *Cion Mná*, a tale of lesbian love, *Na hAntraipeologicals*, *Saoire*, *An tAinmhí*, *Stigmata*, and *I gCóngar I gCéin*, something of a thriller.

This is a fair hunk of text, so it may take us a couple of sessions to get through it. Get as far as you can over the next two weeks.

Bhí an tAifreann thart sa *Village* ag leath uair tar éis a naoi. Bhí an sagart, Tom Connor, ag baint éadaí an Aifrinn de nuair a buaileadh an doras. Fear an *turn* a bhí ann, an t-ainm a thugtar ar an gcéad fhear eile ar leis an sagart a thabhairt trasna. Tá an focal céanna acu in Inis Oírr agus in Inis Meáin in Oileáin Árann na Gaillimhe, chuala sé. Bhí scéalta agus cur síos ag chuile sheanfhear ar an am a raibh sé féin ar an *turn*, b'fhéidir leathchéad bliain nó tuilleadh roimhe sin. Chuimhnídís ar an gceard a raibh an ghaoth, ar an gcaoi a raibh an taoille, ar chomh fliuch nó chomh cantalach is a bhí an sagart.

'Níl an mhaidin an-iontach, a Athair.' Chuimhnigh sé air féin agus sciob sé de an caipín.

'Ní bhreathnaíonn sí an-mhaith, a John. Cén chaoi a bhfuil an fharraige?'

'Níl farraige ar bith ann, a Athair, ach níl an ghaoth an-chóiriúil.'

'Nach bhfuil?'

'Níl, a Athair, níl sí.'

'Bhuel, muna bhfuil muid in ann dul siar . . .'

'Ó, níl mé ag rá nach mbeidh.'

'Gabhfaimid siar mar sin.'

'Ní dhearna bríos beag anoir aduaidh aon dochar d'aon duine ariamh.'

'Beidh mé thíos mar sin taobh istigh de leathuair.'

'Clúdaigh go maith thú féin. Beidh sé fuaḟr. Céard faoin mála, a Athair? An dtiocfaidh mé dhá iarraidh?'

'Níl aon mheáchan ann. Tabharfaidh mé féin síos é.'

Sean-mhála *duffle* a bhí i gceist a bhíodh aige le héadaí a thabhairt leis, nó fíon nó arán na haltóra nuair a theastaíodh tuilleadh de. Bhí a fhios aige gur le hómós don

sagart a bhídís ag tairiscint an mála nó a chóta a iompar, ach níor thaitnigh sé leis go mbeifí ag déanamh *lady de*, mar a chuir sé féin é. Ba dheacair a dhéanamh amach an as ómós dáiríre a dhéantaí é, nó as ómós bréige do chineál boicín, mar a thugtaí do na tiarnaí talún fadó.

Is minic a b'fhacthas dó go bhféadfá a rá ar bhealach go raibh áit an tiarna talún tógtha ag cuid den chliarlathas Caitliceach sa gcéad seo. Thugtaí an cineál céanna onóra don dá dhream, agus bhí daoine ann a cheap go mb'fhéidir go bhfaighidís an bás nádúrtha céanna.

Thug Tom leis a chuid *oilers* agus *wellingtons*; shiúil sé an leathmhíle síos chuig an gcaladh. Bhí an curach tugtha síos cheana féin ag fear an *turn* agus ag an mbeirt a bhí in éindí leis. Bhí siad ag triáil na maidí agus na gcnoгаí. Cé gur oibrigh siad inneall go minic, b'fhearr leis an gcuid is mó acu na maidí a oibriú nuair a bhíodh sé gaofar. B'fhearr leis an sagart an t-inneall mar gurbh é a dhroim a bheadh báite. Isteach san éadan a bhuaifí an fharraige cháite air nuair a bheadh an triúr ag iomramh agus é féin i ndeireadh na curaí. Thug sé faoi deara go raibh an curach gléasta le haghaidh seoil, rud a bheadh chomh maith le hinneall ar bith sa ngaoth sin.

'Bhfuil bean ar bith thiar ansin ar an oileán a d'fheilfeadh Mick anseo, a Athair?' d'fhiafraigh Pádraic Mhicilín de. B'fhear mór láidir é Mick, cloigeann mór pórtair air; baitsiléir ciúin, a bhí ina chónaí leis féin ag barr an bhaile. An-fhear farraige.

'Dá labhródh sé go deas leat, b'fhéidir go dtabharfá iníon leat féin dó?'

Ba bheag an seans go mbreathnódh ceachtar de chailíní *slim* slachtmhar Phádraic ar Mhick mór mantach.

'B'fhéidir go bhfuil mé féin is thú féin níos fearr as gan bean ar bith, a Athair.'

Rinne sé scairt mhór gháire. B'fhearr leis an sagart go sloigfeadh an talamh é, an soicind sin.

Rug an ceathrar acu ar an gcurach agus tharraing siad síos go colbha an uisce í. Chuireadar mála gainimh inti mar bhallasta. Chuaigh Mick isteach chun tosaigh agus réitigh sé na maidí. Ar an seas láir a chuaigh fear an *turn*. Ní raibh mórán cleachtaidh aige ar an bhfarraige taobh amuigh dá thuras bliantuil ar an *turn*. D'airigh sé freisin nach mbeadh mórán maitheasa leis ag coinneáil chainte le sagart. D'fhág sé an obair sin ag Pádraic Mhicilín a choinneodh caint leis an bPápa dá mbeadh call aige leis.

Isteach leis an sagart ar an seas deiridh, nuair a bhí an curach ar snámh, agus bhrúigh Pádraic amach í, agus é ag léim isteach inti ag an am céanna. D'athraigh sé áit ansin leis an sagart, choisric sé é féin, agus thosaigh an triúr acu ag iomramh go staidéarach.

Bhí Pádraic i ngar do na trí scóir, ach bhí sé láidir crua. Bhí clann mhór beagnach tógtha aige féin agus ag a bhean, Cáit. Bhí an cuid is sine acu i Meiriceá agus i Sasana, Bairbre i scoil chónaithe ar chostas an Stáit, agus Teresa sa mbaile in éindí leo féin. Seacht mbliana déag a bhí sí, í beagán simplí.

Nuair a bhíodar amuigh ó fhoscadh na talún, chrochadar triantán de sheol dubh. Chuaigh Pádraic chun deiridh arís, ag oibriú an mhaide rámha mar stiúir. Leis an mbuille éadrom sciobtha iomartha a thug an bheirt eile lena gcuid maidí bhí gearradh breá faoin gcurach.

Ní raibh aon snámh ag formhór fhir farraige na háite, ach san am céanna, ní chaitheadh aon duine acu seaicéad

tárrthála. Bhí sé ráite nach bhféadfaí an bád a bhí ag iompar an tsagairt chuig an Aifreann a chur síos, agus níor tharla sé go dtí sin, cé go raibh siad i gcontúirt sách minic. Ní raibh a fhios ag Tom an creideamh nó pisreog a bhí ansin, ach níor mhaith leis gurbh é féin a chruthódh ceachtar acu. Ar aon chaoi, ba bheag an mhaith snámh dá mbáfadh drochuair an curach amuigh i lár na farraige móire. Cén mhaith a dhéanfadh seaicéad tarrthála ach duine a choinneáil beo beagán níos faide, le bás a fháil sa deireadh leis an bhfuacht agus leis an tart. Bhí na báid tarrthála ba ghaire dóibh os cionn leathchéad míle uathu, in Árainn Mhór Thír Chonaill, agus in Árainn na Gaillimhe.

‘Beidh sé cruá oraibh, ag teacht ar ais ina haghaidh, a Phádraic.’

‘Á, b’fhéidir go mbeidh sí lagtha tráthnóna. Táim ag ceapadh go bhfanfadh muid thiar píosa, le haghaidh cúpla deoch. Ní raibh ceachtar againn thiar le fada. Níl aon fharraige ann ar aon chaoi. Níl ann ach bríos gaoithe.’

Bhí siad ag seoladh siar go deas le cóir. Las Pádraic a pháip agus bhí boladh álainn an tobac ar aer seaca na maidine. Anois is arís b’éigean dóibh aghaidh a thabhairt caol díreach isteach i maidhmeanna contráilte, áit a raibh sruth.

‘An mbíonn aon fhaitíos ort ar an bhfarraige, a Athair?’

‘Ní bhíonn, fad is nach bhfeicim na fir atá in éineacht liom ag fáil faiteach.’

‘Nach iontach an rud é sin anois — do dhuine a tógadh i bhfad ón bhfarraige.’

‘Bhíodh an-fhaitíos orm nuair a tháinig mé i dtosach. Shílín nuair a bhíodh maidhm mhór ag teacht gurbh in é an deireadh. Bhíodh an ‘Ó mo Dhia’ ar mo bhéal go minic.

Ach thagadh muid tríd, agus bhínn in ann anáil a tharraingt arís.'

'Is le haghaidh a leithéidí sin atá an curach.'

'Tuigim é sin anois, ach thóg sé píosa maith orm.'

'Bhíodh cuid de na sagairt a bhí ann fadó sách cruá.'

'Céard tá chomh bog sin faoi na ceanna atá anois ann?'

'Tuigeann tú go maith céard tá mé a rá. Tá rudaí athraithe anois, buíochas le Dia. Anois fágann sibh faoi fhear an *turn* a intinn a dhéanamh suas an bhfuil sé in araíocht a ghabhail amach, nó nach bhfuil. Sa tseanaimsir is iomaí sagart a thug triúr amach i gcurach leis, laethanta nach raibh sé in araíocht.'

Bhí cosúlacht ann go raibh an fhárraige ag éirí crosach orthu. Mhínigh Pádraic go raibh an taoille ag casadh.

'Is cuimhneach liomsa,' a dúirt sé, 'an chéad *turn* a raibh mé ariamh air, deich mbliana fichead . . . sea, agus suas le dhá scór bliain ó shin; ní raibh mé ach ocht mbliana déag nó naoi mbliana déag. Tá siad ar fad cailte anois, 'ndéana Dia trócaire orthu, na fir a bhí in éineacht liom agus an sagart freisin . . .'

Cheapfá go raibh an curach ag dul ag cur a béil fúithi an chaoi ar rug an ghaoth ar an seol, nuair a bhíodar ag tabhairt a haghaidh díreach isteach i gcúpla maidhm chontúirteach. Labhair Pádraic trí fhiacra a bhí ag coinneáil a phíopa:

' . . . lá uafásach dona a bhí ann, le gála anoir aneas ag lascadh isteach díreach ar an tslip bheag sin thiar ar an oileán. Bhí muid leathuair ag fanacht le ham, le go mbeadh seans againn, tá's agat, le dhul isteach. Bhí muintir an oileáin istigh ag tabhairt comharthaí dúinn dul soir abhaile. Tá a fhios acusan an áitín sin le dhul i dtír ann níos fearr ná

atá a fhios againne. Father Daly — is é a bhí in éindí linn — fear deas, ach ní raibh a fhios aige tada faoin bhfarraige. Níl mé ag cur bréag ar an bhfear anois ná rud ar bith mar é. Fear misniúil a bhí ann, ach tá sé ceart go leor a bheith misniúil, nuair nach bhfuil i gceist ach thú féin. Ní raibh mise pósta ag an am, ach bhí muirín ar an mbeirt eile. ‘Gabhfaidh muid isteach,’ a dúirt sé, ‘in ainm Dé.’ Dhéanfadh muid an rud a déarfadh sé. Chuaigh muid isteach píosa. An chéad rud eile thug muid faoi dara na hoileánaigh ag rith suas ón tslip. An mhaidhm is mó dá bhfacthas ariamh, bhí sí ag éirí taobh amuigh dinn, í chomh hard ag breathnú leis na hailltreacha sin thoir ó dheas, barr mór cúir bháin uirthi. Tá muid réidh, a dúirt mé liom féin, ach ní raibh am againn le bheith ag cuimhneamh air. Rinne muid iarracht a dhul isteach roimpi, ach cén mhaith a bhí dúinn ann. Rug sí ar an gcurach, ar nós a bhéarfadh sí ar bhosca meaitseanna, agus d’aon ruathar amháin, caitheadh isteach ar bharr na slipe muid, agus an curach anuas orainn. Rug muintir na háite ar lámha agus ar chosa orainn, agus tharraingíodar i dtír muid. Thug na súiteán an curach amach, agus rinne an chéad mhaidhm eile cipíní di ar an gcarraig ó thuaidh.

‘Nuair a bhí am againn le breathnú timpeall, bhí Father Daly ansin ag tóraíocht a chuid pócaí. Shíl mé go raibh airgead nó rud eicint cailte aige. Bhí chuile dhuine ina sheasamh ansin ag breathnú air. Shíl mé, ar a laghad, a dúirt sé, go mbeadh breac nó rud eicint faighte againn. Fear barúil a bhí ann. Bhí sé seachtain ina dhiaidh sin sula bhfuair muid deis a dhul soir abhaile.’